

Ag Bláthú ó Cheann Ceann na Bliana

Na Coinnle Corra



Tugtar cloiginí gorma ar na coinnte corra freisin mar gheall go mbreathnaíonn an bláth cosúil le clog.

An Grán Arcáin



Tá an grán arcáin ar cheann de na chéad bhláthanna a osclaíonn san earrach.

An tSailchuach Chon



Bíonn larbhaí na bhféileacán ag brath ar an tsailchuach chon mar fhoinsé bia.

An Sabhaircín



Is furasta duilleoga rocacha an tsabhaircín a aithint.

An Sponc



Tá an sponc ar cheann de bheagán plandaí a bhláthaíonn sula dtagann duilleoga air.



Cé gur mó bláthanna a fheictear sa samhradh, ní gach planda a bhláthaíonn ag an am seo. Tagann bláthanna ar phlandaí coille san earrach, mar go mbíonn níos mó solais ar fáil sa choill sula dtagann duilleoga ar chrainn. Ní bhíonn an oiread plandaí san iomaíocht lena chéile ag an am seo den bhliain ach an oiread.



Tá ról tábhachtach i ngréasán na bithéagsúlachta ag plandaí a bhláthaíonn san earrach agus san fhómhar. Cuireann siad bia—neachtar agus pailín—ar fáil d'fheithidí ag am den bhliain nuair a bhíonn bia ag éirí gann.

Plandaí an Earraigh



Plandaí an Fhómhair



Lus na Tine



Tugtar lus na tine ar an bplanda ard seo mar go nglacann sé seilbh thapa ar thalamh tar éis loiscithe.

An tAiteann Gaelach



Bláthaíonn an t-aiteann gaelach, sceach bheag íseal shíorghlas le bláthanna órbhuí, san fhómhar.

An Odhrach Bhallach



Tugtar greim an diabhair ar an bplanda seo freisin—deirtear go raibh éad ar an diabhal faoi chumhachtaí leighis an phlanda agus gur bhain sé plaic as an bhfréamh chun iad a mhaolú.

An Athair Thalún



Tugtar lus na fola agus lus na gcluas ar an athair thalún freisin—tagairtí d'úsáid an phlanda mar luibh leighis.

Peasair na Luch



Beireann peasair na luch greim ar phlandaí eile lena cuid teannóg agus í ag fás i dtreo an tsolais.